Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Rialú Buiséadach

2023/0813(NLE)

9.11.2023

DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar ainmniú Hans Lindblad mar Chomhalta den Chúirt Iniúchóirí
(C9-0379/2023 – 2023/0813(NLE))

An Coiste um Rialú Buiséadach

Rapóirtéir: Angelika Winzig

ACHOIMRE

Leathanach

TOGRA LE hAGHAIDH CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 3

IARSCRÍBHINN 1: CURRICULUM VITAE HANS LINDBLAD 4

IARSCRÍBHINN 2: NA FREAGRAÍ A THUG HANS LINDBLAD AR AN gCEISTNEOIR 10

TOGRA LE hAGHAIDH CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir le hainmniúchán Hans Lindblad mar Chomhalta den Chúirt Iniúchóirí (C9-0379/2023 – 2023/0813(NLE))

(Comhairliúchán)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint d'Airteagal 286(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá bhun a chuaigh an Chomhairle i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa (C9-0379/2023),

– ag féachaint do Riail 129 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0000/2023),

A. de bhrí go ndeachaigh an Chomhairle, i litir an 16 Deireadh Fómhair 2023, i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa maidir le hainmniúchán Hans Lindblad mar Chomhalta den Chúirt Iniúchóirí;

B. de bhrí go ndeachaigh an Coiste um Rialú Buiséadach i bParlaimint na hEorpa ar aghaidh le meastóireacht a dhéanamh ar dhintiúir Hans Lindblad go háirithe i bhfianaise na gceanglas a leagtar síos in Airteagal 286(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh; de bhrí go bhfuair an coiste, agus an mheastóireacht sin á déanamh aige, curriculum vitae ó Hans Lindblad chomh maith lena chuid freagraí ar an gceistneoir i scríbhinn a bhí curtha chuige;

C. de bhrí gur thionóil an coiste éisteacht le Hans Lindblad ina dhiaidh sin an 29 Samhain 2023, éisteacht ina ndearna sé ráiteas tosaigh agus inar fhreagair sé ceisteanna ó chomhaltaí an choiste ina dhiaidh sin;

1 ag tabhairt tuairim fhabhrach/neamhfhabhrach ar ainmniú Hans Lindblad ag an gComhairle mar Chomhalta den Chúirt Iniúchóirí;

2 Á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus, mar fhaisnéis, chuig an gCúirt Iniúchóirí, chuig institiúidí eile an Aontais Eorpaigh agus chuig institiúidí iniúchóireachta na mBallstát.

IARSCRÍBHINN 1: CURRICULUM VITAE HANS LINDBLAD

Curriculum vitae

Oideachas

2010 Dochtúireacht san Eacnamaíocht, Ollscoil Stócólm
Teideal an tráchtais: *Essays on Unemployment and Real Exchange Rates [Aistí ar Dhífhostaíocht agus Rátaí Iomlaoide]*

1996 Céim ceadúnach, Ollscoil Stócólm
Teideal an tráchtais: *Persistence in Swedish Unemployment Rates [Marthanacht i Rátaí Dífhostaíochta na Sualainne]*

1986 Céim Baitsiléara Eolaíochta, Ollscoil Stócólm

1981 Céim Baitsiléara Eolaíochta sa Staidéar Míleata, coinscríobh oifigigh, Acadamh Cabhlaigh Näsbypark

1979 Baccalaureate, Eolaíochtaí Nádúrtha, Saltsjöbadens Samskola [scoil chomhoideachais Saltsjöbaden]

Poist agus cúraimí

Cathaoirleach, Produktivitetskommissionen [An Coimisiún Táirgiúlachta] (Fi 2023:03)
Coimisiún oifigiúil fiosrúcháin.

2022 - faoi láthairComhalta boird, Gníomhaireacht Roghnúcháin Ciste na Sualainne
Go dtí seo, bhí baint ag obair don bhord le bunú an údaráis nua.

2022 - faoi láthairComhalta de bhord stiúrthóirí Nordiska Investeringsbanken [Banc Infheistíochta Nordach]
Gníomhaíochtaí bainistíochta caighdeánacha in institiúid airgeadais, ag cur san áireamh gurb ionann sciar na Sualainne agus beagán os cionn aon trian de chaipiteal an bhainc. Tá an banc ag díriú ar thionscadail inbhuanaithe éagsúla a mhaoiniú. Is é an cúram atá ar an mbord stiúrthóirí, i measc nithe eile, scrúdú a dhéanamh ar iarratais ar thionscadail, freagracht a ghlacadh as comhlíonadh agus a áirithiú go bhfuil na cuntais ceart agus go gcomhlíontar cuspóirí an bhainc.

2013 - faoi láthairComhalta de bhord iontaobhaithe SNS [An Lárionad um Staidéar Gnó agus Beartais]
Tá SNS ar cheann de na meithleacha machnaimh is cáiliúla sa tSualainn. Mar chomhalta déantar, i measc nithe eile, feasacht a mhúscailt faoi SNS. Meastar é a bheith ina phost oinigh freisin.

2023 - 2023 Comhalta, Kommuninvest [Gníomhaireacht cistiúcháin rialtais áitiúil na Sualainne] coiste taighde
Comhairleoir do chomhairle eolaíochta Kommuninvest.

2023 - 2023 Comhalta malartach den bhord stiúrthóirí, Regelrådet [An Chomhairle um Rialáil Níos Fearr]
Déanann Regelrådet meastóireacht ar mheasúnuithe tionchair an rialtais ar thograí éagsúla.

2022 - 2023 Príomhoifigeach feidhmiúcháin, Högskolan Väst [Ollscoil Thiar]
Obair bhainistíochta chaighdeánach, lena n-áirítear obair leantach ar chuspóirí, ar chuntais agus ar dhoiciméid bheartais. Déanann Högskolan Väst speisialtóireacht san fhoghlaim chomhtháite oibre, a bhíonn ar siúl i gcomhar leis an bpobal agus leis an earnáil ghnó araon.

2015 - 2023 Comhalta boird, Arbetsförmedlingen [Oifig an tSaothair]
Sna blianta tosaigh, bhí gníomhaíochtaí bainistíochta níos caighdeánaí mar shaintréith den obair. Rinneadh obair fhairsing d'fhonn comhlíonadh, soláthar cuí agus monatóireacht ar fheidhmíocht agus ar fheidhmíocht a áirithiú, etc. Le blianta beaga anuas, tá an fócas dírithe ar chabhrú chun athruithe bunúsacha a dhéanamh ar struchtúr, ar chultúr inmheánach agus ar eagraíocht na hOifige. Bhí digitiú agus measúnú ar thionchar infheistíochtaí TF ina bpríomhghnéithe de na

hiarrachtaí chun éifeachtúlacht a mhéadú.

2022 Rapóirtéir: Finansiering av Näringslivets gröna omställning [An t-aistriú glas san earnáil ghnó a mhaoiniú].
An misean a bhí ann, i measc nithe eile, ná constaicí a d'fhéadfadh a bheith roimh mhaoiniú na hearnála gnó dá haistriú glas a shainaithint agus bealaí féideartha a mholadh chun iad a sheachaint. I measc na n-ábhar a phléitear sa tuarascáil tá ról chóras na bpinsean sa chomhthéacs sin.

2013 - 2022 Ard-Stiúrthóir Riksgälden [Oifig Náisiúnta Fiachais na Sualainne] agus Ceannaire Riksgäldskontoret [Oifig Fiachais Náisiúnta na Sualainne].
Is é Ard-Stiúrthóir Riksgälden ceann Riksgäldskontoret (Riksgälden), a raibh thart ar 230 duine fostaithe aige ag an am a d'fhág mé. Is iad ceithre phríomhchúram Riksgälden gníomhú mar bhanc inmheánach an stáit (thart ar 200 milliún íocaíocht, arb ionann iad agus thart ar SEK 7000 billiún in aghaidh na bliana), ráthaíochtaí agus creidmheasanna a eisiúint thar ceann an stáit, an fiachas poiblí a bhainistiú, agus cobhsaíocht airgeadais a chosaint. Baintear an méid sin amach, inter alia, trí cheanglais a shainiú maidir le caipiteal agus fiachas na mbanc, trí fhreagracht a ghlacadh as bainc a bhainistiú i ngéarchéimeanna i gcás mainneachtana agus tríd an ráthaíocht taiscí a riar. Ina theannta sin, tá Riksgälden freagrach as maoiniú a áirithiú chun breosla núicléach spíonta a bhainistiú agus a dhiúscairt. Eilíonn na hoibríochtaí dianseirbhísí TF, agus tá thart ar 60 duine sa roinn TF. Glacann Riksgälden páirt i roinnt fóram idirnáisiúnta, a bhfuil baint acu go príomha le dearadh córas íocaíochta agus le cobhsaíocht airgeadais. Is éard atá i gceist lena shainordú leathan ná teagmhálacha forleathana le húdaráis eile agus leis an bpobal gnó.

Le linn mo thréimhse mar Ard-Stiúrthóir, rinneadh roinnt athruithe straitéiseacha agus oibríochtúla ar an údarás, i bpáirt mar thoradh ar leathnú shainordú Riksgälden ag an rialtas i dtreonna éagsúla. Ba é an ceann ba shuntasaí de na hathruithe sin ná go mbeadh sé ar an údarás stáit a bhí freagrach as géarchéimeanna a chosc agus, más gá, as bainc atá i ngéarchéim a bhainistiú, agus as an ráthaíocht taiscí a riar. Tugadh cúraimí speisialta do Riksgälden freisin le linn phaindéim COVID-19 d'fhonn an t-ualach ar ghnólachtaí a laghdú agus caillteanas post a chosc. In 2018, d'aistrigh an rialtas freagracht as maoiniú a áirithiú do bhainistiú agus diúscairt dramhaíola núicléiche ó SSM [Údarás Sábháilteachta Radaíochta na Sualainne] go Riksgälden. Mar thoradh ar na hathruithe a rinneadh ar ghníomhaíochtaí an údaráis, rinneadh a fhís, a chuspóirí straitéiseacha, a chumas anailíseach agus a fhócas a thabhairt cothrom le dáta agus a neartú. Toisc thábhachtach eile ba ea ainmniú Riksgälden mar údarás éigeandála. Leis sin, tugadh isteach ceanglais nua maidir le hathléimneacht, slándáil, cosaint shibhialta agus ullmhacht. Le linn mo thréimhse ansin, d'athraigh banc inmheánach an stáit a chóras TF. Maoiníodh na gníomhaíochtaí nua, na córais agus freagrachtaí TF, chomh maith le heasnamh airgeadais tosaigh, go hiomlán trí choigilteas, trí bhainistiú tionchair agus trí chuíchóiriú.

Rinneadh ceannaireacht agus oibríochtaí an chomhlachta a neartú agus a athnuachan ó thaobh torthaí, malartú scileanna, earcaíochta, fostaíochta agus cultúir de. Bhí sé thar a bheith tábhachtach cultúr dearfach agus cuiditheach a thabhairt isteach bunaithe ar chomhoibriú, anailís oibiachtúil, bunluachanna an rialtais láir agus cur chuige arb é is príomhthréith dó déine dhea-fheidhmiúil cásanna a bhainistiú agus údarás poiblí a fheidhmiú. Mar thoradh ar an obair, i measc nithe eile, rinneadh measúnuithe suirbhé foirne ar luaigh an Bord Bainisíochta maidir leo gur measúnuithe 'gan fasach' iad.

Tá airgeadas iomlán an stáit ar a chlár comhardaithe ag Riksgälden. Rinneadh iniúchadh cúramach air sin, mar aon leis na hathruithe suntasacha a rinneadh ar ghníomhaíochtaí an údaráis. I mo ról mar cheann an údaráis, bhí dlúthchomhar gairmiúil agus malartú eolais agam le Riksrevisionen [Oifig Iniúchóireachta Náisiúnta na Sualainne] agus leis na sainchomhairleoirí a chuidigh le hiniúchadh a dhéanamh ar Riksgälden. Ní hamháin go bhfuil tábhacht leis an iniúchóireacht sin i dtéarmaí shainordú bunúsach an údaráis, ach bhain Riksgälden tairbhe freisin as an malartú eolais a tharla idir na hiniúchóirí, na sainchomhairleoirí agus a fhoireann.

2013 - 2017 Príomhfheidhmeannach, Returpack Svenska AB
Tá Returpack freagrach as cannaí alúmanaim agus buidéil PET a athchúrsáil. Le linn mo chuid ama ann, sheas láimhdeachas na cuideachta ag thart ar SEK 2 bhilliún. Tá Returpack faoi úinéireacht chothrom idir ag an lucht trádála agus ag grúdlanna na Sualainne. Chomh maith le gnáthchúraimí an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin, bhí sé de chúram orm cabhrú le hiarrachtaí

inbhuanaitheachta agus bainistíochta a fhorbairt go straitéiseach, agus dul i mbun caibidlíochta leis na húinéirí maidir le saincheisteanna agus cinntí conspóideacha maidir le treocht.

2013 - 2020 Cathaoirleach an Bhoird, Sainghrúpa um Eacnamaíocht Phoiblí, ESO
Is coiste faoin Aireacht Airgeadais é an ESO agus tá sé de chúram air anailís agus plé neamhspleách a dhéanamh ar shaincheisteanna tábhachtacha sochaíocha. Is é an bord a dhéanann é sin den chuid is mó agus é ag cinneadh táirgeadh tuarascálacha éagsúla a mhaoiniú, rud a fheidhmíonn go minic mar bhonn cáilithe do chinnteoirí.

2014 - 2015 Comhalta den Choiste Fiontraíochta
An chéad chúram a bhí ar an gCoiste ná athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar na coinníollacha a bhaineann leis an bhfiontraíocht agus leis an bhfostaíocht. Ar éigean bliain ina dhiaidh sin, d'athraigh an rialtas fócas an Choiste, chuir sé srian lena shainordú agus dífhostaíodh a chomhaltaí uile.

2006 - 2013 An Státrúnaí Buiséid don Aire Airgeadais, an Aireacht Airgeadais
Le linn mo thréimhse mar Státrúnaí Buiséid, is é a bhí sa ról ná beartas eacnamaíoch a cheapadh agus a fhorbairt go gníomhach agus a bheith freagrach as buiséad an stáit a ullmhú agus a chaibidliú laistigh d'Oifigí an Rialtais. I measc na bpríomhghnéithe den obair sin bhí dréachtú tograí maidir le conas an prionsabal 'tús áite don obair' a neartú, lena n-áirítear athruithe ar scéimeanna éagsúla slándála sóisialta agus pinsin.

Bhí an Státrúnaí Buiséid i measc an ghrúpa de cheannairí páirtithe a bhí freagrach as bailchríoch a chur ar an mbuiséad. Áiríodh san obair freisin seasaimh a ghlacadh go leanúnach agus aon chinntí a raibh impleachtaí buiséadacha acu nó a bhféadfadh impleachtaí buiséadacha a bheith acu a ullmhú. Mar thoradh air sin, ghlac mé páirt sa chuid is mó den obair ullmhúcháin, lena n-áirítear ullmhúchán ginearálta leis an rialtas agus le formhór na ngrúpaí oibre laistigh d'Oifigí an Rialtais. Áiríodh leis an obair an buiséad a chur i láthair go hinmheánach agus go seachtrach araon, agus ionadaíocht a dhéanamh don Aireacht Airgeadais agus don rialtas i gcomhthéacsanna éagsúla.

Thairis sin, d'fhóin mé mar státrúnaí comhordúcháin san Aireacht Airgeadais. Is éard a bhí i gceist leis sin, i measc nithe eile, feidhmiú mar chathaoirleach ar choiste stiúrtha na hAireachta, a bheith freagrach as pleanáil oibríochtúil agus — trí na cinn roinne agus i gcomhar leo — an obair laistigh den Aireacht a stiúradh.

Ghníomhachtaigh an Státrúnaí Buiséid foireann géarchéime na hAireachta agus bhí sé i gceannas uirthi, agus ar an gcaoi sin bhí ról lárnach aige i mbainistiú géarchéimeanna éagsúla. Ní raibh an ról sin níos soiléire ná i gcomhthéacs ghéarchéim airgeadais 2008/2009 — géarchéim a bhí casta agus ilghnéitheach. Mar shampla, bhí gá le creat a cheapadh go tapa chun bainc a bhainistiú le linn géarchéime, lena n-áirítear tograí le haghaidh reachtaíocht nua maidir le bainistiú géarchéime san earnáil airgeadais. Is éard a bhí i gceist le bainistiú géarchéime freisin 'pacáistí géarchéime' éagsúla a fhorbairt le haghaidh na réigiún agus na n-earnálacha a bhí buailte go dona. Bhí tacaíocht do thíortha eile atá buailte agus an fhreagairt idirnáisiúnta ar an ngéarchéim ina ngnéithe tábhachtacha freisin.

I gcomhthéacs an Aontais, ghníomhaigh Státrúnaí an Bhuiséid mar 'aire buiséid' i gComhairle na nAirí i ndáil le buiséad bliantúil an Aontais. Mar chuid den obair sin bhí idirbheartaíocht ann ar bhuiséad bliantúil an Aontais laistigh de Chomhairle na nAirí agus i gcaibidlíocht idir-réitigh freisin le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoimisiún Eorpach (dá ngairtear 'cruinnithe tríthaobhacha'). Áiríodh mar chuid den obair freisin seasamh na Sualainne a dhréachtú agus a chomhdhlúthú, sainordú a fháil i bParlaimint na Sualainne agus cumarsáid a dhéanamh go seachtrach maidir leis na saincheisteanna sin. Féach freisin 'Poist idirnáisiúnta' thíos.

Sna chéad chúpla mí tar éis an athraithe rialtais in 2006, bhí mé i mo Státrúnaí Gnóthaí Cánach freisin.

2003 - 2006 Leas-Cheann oifigí parlaiminte an Pháirtí Mheasarthaigh
Ceannaire ar thart ar 15 riarthóir sna hoifigí, céimithe uile na hollscoile. Le linn na tréimhse i gceist, rinneadh athchóiriú críochnúil ar bheartas na Measarthach. Is amhlaidh an cás maidir le soláthar foirne, inniúlacht agus seasamh na n-oifigí parlaiminteacha mar mhol le haghaidh

athraithe. Bhí comhdhlúthú inmheánach agus cur i láthair seachtrach araon san áireamh san obair freisin.

1997 - 2003 Ceann Rannáin (dhá rannán éagsúla) agus Leas-Ardstiúrthóir, Riksbank [Banc Ceannais na Sualainne].
Ba é an toradh a bhí ar an obair mar cheann ar na rannáin Anailíse Praghsanna agus Macranailíse (thart ar 6 agus 20 ball foirne faoi seach) réamhaisnéisí Riksbank do gheilleagar na Sualainne a chur i dtoll a chéile agus modhanna oibre a fhorbairt. I mo cháil mar Leas-Ardstiúrthóir ar an Roinn Beartais Airgeadaíochta (le foireann de thart ar 50), bhí mé freagrach as an obair réamhaisnéise a chomhordú agus as treoirlínte a bhunú do chinntí beartais airgeadaíochta agus do chumarsáid bhord bainistíochta Riksbank. Bhí baint ag an obair freisin le hionadaíocht a dhéanamh ar Riksbank i gcomhthéacsanna seachtracha éagsúla agus páirt a ghlacadh i bpreasagallaimh, mar shampla.

1995 - 1997 Iarrthóir dochtúireachta agus sealbhóir scoláireachta, Ollscoil Stócólm
Staidéar iarchéime.

1989 - 1995 Oifigeach Deisce, an Aireacht Airgeadais
Riarthóir sa Roinn Eacnamaíochta atá freagrach as anailísí agus réamhaisnéisí éagsúla a dhéanamh do gheilleagar na Sualainne. I measc na gcúraimí a bhí orm bhí cur síos a dhéanamh ar threochtaí eacnamaíocha níos fadtéarmaí, measúnuithe meántéarmacha a dhéanamh i gcomhréir leis na staidéir fhadtéarmacha agus anailísí agus sonraí a chur ar fáil don 'Ghrúpa Pinsean', ar bhonn samhlacha éagsúla.

1986 - 1989 Cúntóir/riarthóir taighde, Konjunkturinstitutet [An Institiúid Náisiúnta um Thaighde Eacnamaíoch]
Riarthóir atá freagrach as réamhaisnéisiú agus forbairt mhodheolaíoch i gcodanna éagsúla de gheilleagar na Sualainne.

1985 Céad Oifigeach, HMS Dämman

1982 Céad Oifigeach, HMS Norsten

1980 Óstach scoile (páirtaimseartha), Saltsjöbadens Samskola [scoil chomhoideachais Saltsjöbaden]

1979 - 1980 Fear an phoist, oifig an phoist Saltsjöbaden 1

Cúraimí eile

Comhalta de Staitisticí Bord Innéacs Praghsanna Tomhaltóirí na Sualainne, i bpáirt mar lánchumhachtach rialtais (1989-1992) agus go páirteach mar ionadaí Riksbank (1997-1999).

Comhalta de ghrúpa beartais Riksbank.

Comhalta de ghrúpa beartais na hAireachta Airgeadais.

Poist Idirnáisiúnta

2009 Uachtarán Chomhairle Airí BUDGET ECOFIN le linn Uachtaránacht na Sualainne.
Mar chuid den obair, dréachtaíodh togra Chomhairle na nAirí le haghaidh bhuiséad bliantúil an Aontais do 2010, rud a d'éiligh idirbheartaíocht fhairsing leis an gCoimisiún Eorpach agus leis na Ballstáit. Ina dhiaidh sin, bhí mé i bhfeighil Chaibilíocht na Comhairle le Parlaimint na hEorpa. Ina theannta sin, bhí mé freagrach as teachtaireachtaí seachtracha maidir le toradh chaibidlíocht na Comhairle agus maidir leis an bplé le Parlaimint na hEorpa. Áiríodh ar na cúraimí freisin na seasaimh agus an sainordú caibidlíochta i bParlaimint na Sualainne a chomhdhlúthú.

2006 - 2012 'Aire' na Sualainne i gComhairle Airí BUDGET ECOFIN.
An obair a bhí i gceist le seasamh na Sualainne maidir le buiséad bliantúil an Aontais a argóint, a shaothrú agus a chaibidliú laistigh de Chomhairle na nAirí, i dtaca leis an gCoimisiún agus Parlaimint na hEorpa. Bhí obair chomhdhlúthaithe leanúnach i bParlaimint na Sualainne, chomh maith le teachtaireachtaí seachtracha, i gceist leis an obair sin freisin.

2013 - 2022 Tá ionadaíocht ag Riksgälden i roinnt fóram idirnáisiúnta, a bhfuil baint acu go príomha le cobhsaíocht airgeadais.

Ghlac mé páirt, i measc coistí eile, i gcoistí réitigh an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh (ÚBE) agus i gcoistí réitigh an Bhoird um Chobhsaíocht Airgeadais (FSB).

2022 - faoi láthair Comhalta de bhord stiúrthóirí Nordiska Investeringsbanken [Banc Infheistíochta Nordach] (féach thuas)

Foilseacháin

2022 Finansiering av Näringslivets gröna omställning [An t-aistriú glas san earnáil ghnó a mhaoiniú].

2010 Essays on Unemployment and Real Exchange Rates [Aistí ar Dhífhostaíocht agus Rátaí Iomlaoide], tráchtas dochtúireachta

2006 'A Simultaneous Model of the Swedish Krona, the US Dollar and the Euro, Sveriges Riksbank' [Samhail Chomhuaineach de Krona na Sualainne, Dollar na Stát Aontaithe agus an Euro, Sveriges Riksbank]

2003 'The Equilibrium Rate of Unemployment and the Real Exchange Rate, Sveriges Riksbank' [An Ráta Cothromaíochta Dífhostaíochta agus an Fíor-Ráta Malairte, Sveriges Riksbank]

2003 Penningpolitiken och EMU [Beartas nua-aimseartha agus AEA], Sveriges Riksbank, eagarthóir.

2001 'Wage Effects of Mobility, Unemployment Benefits and Benefit Financing, Sveriges Riksbank' [Na hÉifeachtaí Pá a bhaineann le Soghluaisteacht, Sochair Dhífhostaíochta agus Maoiniú Sochair, Sveriges Riksbank]

1997 'Persistence in Swedish Unemployment Rates' [Buanseasmhacht i Rátaí Dífhostaíochta na Sualainne, tráchtas céime ceadúnaigh]

1988 Två Undersökningar av hushållens konsumtion [Dhá shuirbhé ar thomhaltas teaghlaigh], Konjunkturinstitutet [Institiúid Náisiúnta um Thaighde Eacnamaíoch].

1987 Hushållens köpkraft, konsumtion och sparande [Cumhacht ceannaigh, tomhaltas agus coigilteas na dteaghlach], Konjunkturinstitutet [Institiúid Náisiúnta um Thaighde Eacnamaíoch].

Nithe eile

I gcomhthráth le mo chuid staidéir, chaith mé roinnt samhraí ag obair mar theagascóir oideachais óige laistigh den Sjövärnskåren [Cór Cabhlach Cúnta na Sualainne], i mbun na teileamhargaíochta ag IBM agus mar fhear an phoist. Ina theannta sin, bhí mé i mo chomhalta boird de Stócólm Sjövärnskåren agus i mo chathaoirleach ar chomhlachas tithíochta i Stócólm. Fuair mé ord fiúntais airgid ó Sjövärnskårernas Riksförbund [Cumann Náisiúnta an Chóir Chúnta Chabhlaigh] agus bonn Stócólm Sjövärnskåren.

In 2019, fuair mé bonn NOR (Nit och Redlighet i rikets tjänst [As Díograis agus Dílseacht i Seirbhís na Ríochta] mar aitheantas ar 30 bliain i seirbhís an stáit.

In 2023, fuair mé bonn a Shoilse an Rí sa 12ú haicme d'Ord Seraphim as 'Sár-Éachtaí i riarachán stáit na Sualainne'.

Caithim m'am saor le mo theaghlach agus le cairde, ag i mo theach samhraidh in oileánra Stócólm, ag gabháil do sheoltóireacht, i mbun taistil agus ag iniúchadh an domhain nádúrtha.

Táim i mo chónaí le mo pháirtnéir agus tá beirt iníonacha fásta agam ó phósadh roimhe seo.

IARSCRÍBHINN 2: NA FREAGRAÍ A THUG HANS LINDBLAD AR AN gCEISTNEOIR

Ceistneoir le haghaidh iarrthóirí le haghaidh comhaltas sa Chúirt Iniúchóirí

Taithí ghairmiúil

1 **Liostaigh do thaithí oibre san airgeadas poiblí, bíodh sin i bpleanáil bhuiséadach, i gcur chun feidhme an bhuiséid, i mbainistiú nó i rialú buiséid nó in iniúchóireacht.**

Freagra Tá níos mó ná 30 bliain de thaithí agam mar státseirbhíseach riaracháin stáit. Mar shampla mar:

- ***Ard-Stiúrthóir Riksgälden [Oifig Náisiúnta Fiachais na Sualainne] agus Ceannaire Riksgäldskontoret [Oifig Fiachais Náisiúnta na Sualainne] ar feadh naoi mbliana.***

  Tá Ard-Stiúrthóir Riksgälden ina cheann ar Riksgäldskontoret (Riksgälden), a raibh thart ar 230 duine fostaithe aige ag an am a d'fhág mé. Is iad ceithre phríomhchúram Riksgälden gníomhú mar bhanc inmheánach an stáit (thart ar 200 milliún íocaíocht, arb ionann iad agus thart ar SEK 7000 billiún in aghaidh na bliana), ráthaíochtaí agus creidmheasanna a eisiúint thar ceann an stáit, an fiachas poiblí a bhainistiú, agus cobhsaíocht airgeadais a chosaint. Baintear an méid sin amach, inter alia, trí fheidhmiú mar údarás réitigh na Sualinne trí cheanglais a shainiú maidir le caipiteal agus fiachas na mbanc, trí fhreagracht a ghlacadh as bainc a bhainistiú i ngéarchéimeanna i gcás mainneachtana agus tríd an ráthaíocht taiscí a riar. Ina theannta sin, tá Riksgälden freagrach as maoiniú a áirithiú chun breosla núicléach spíonta a bhainistiú agus a dhiúscairt. Glacann Riksgälden páirt i roinnt fóram idirnáisiúnta, a bhfuil baint acu go príomha le dearadh córas íocaíochta agus le cobhsaíocht airgeadais.

  Le linn mo thréimhse mar Ard-Stiúrthóir, rinneadh roinnt athruithe straitéiseacha agus oibríochtúla ar an údarás, i bpáirt mar thoradh ar leathnú shainordú Riksgälden ag an rialtas i dtreonna éagsúla. Ba é an ceann ba shuntasaí de na hathruithe sin ná údarás réitigh na Sualainne a neartú, a ndearnadh cuid de Riksgälden de, d'fhonn géarchéimeanna a chosc agus, más gá, bainc atá i ngéarchéim a bhainistiú, agus ráthaíocht taiscí a riar. Tugadh cúraimí speisialta do Riksgälden freisin le linn phaindéim COVID-19 d'fhonn an t-ualach ar ghnólachtaí a laghdú agus caillteanas post a chosc. In 2018, d'aistrigh an rialtas freagracht as maoiniú a áirithiú do bhainistiú agus diúscairt dramhaíola núicléiche ó SSM [Údarás Sábháilteachta Radaíochta na Sualainne] go Riksgälden. Mar thoradh ar na hathruithe a rinneadh ar ghníomhaíochtaí an údaráis, rinneadh a fhís, a chuspóirí straitéiseacha, a chumas anailíseach agus a fhócas a thabhairt cothrom le dáta agus a neartú. Toisc thábhachtach eile ba ea ainmniú Riksgälden mar údarás éigeandála. Leis sin, tugadh isteach ceanglais nua maidir le hathléimneacht, slándáil, cosaint shibhialta agus ullmhacht. Le linn mo thréimhse ansin, d'athraigh banc inmheánach an stáit a chóras fairsing TF. Maoiníodh na gníomhaíochtaí nua, na córais agus freagrachtaí TF, chomh maith le heasnamh airgeadais tosaigh, go hiomlán trí choigilteas, trí bhainistiú tionchair agus trí chuíchóiriú.

Rinneadh ceannaireacht agus oibríochtaí an chomhlachta a neartú agus a athnuachan ó thaobh torthaí, malartú scileanna, earcaíochta, fostaíochta agus cultúir de. Bhí sé thar a bheith tábhachtach cultúr dearfach agus cuiditheach a thabhairt isteach bunaithe ar chomhoibriú, anailís oibiachtúil, bunluachanna an rialtais láir agus cur chuige arb é is príomhthréith dó ceanglais maidir le déine a bhfuil gá leo ar mhaithe le riarachán fónta agus dea-fheidhmiúil, cásanna a bhainistiú agus údarás poiblí a fheidhmiú.

- ***Státrúnaí (Státrúnaí an Bhuiséid) ar feadh sé bliana ar a bhfuil freagracht as buiséad an stáit agus, thar ceann na Sualainne, buiséad an Aontais a dhréachtú agus a chaibidliú.***

Le linn mo thréimhse mar Státrúnaí Buiséid, is é a bhí sa ról ná feidhmiú mar chúntóir is dlúithe an Aire Airgeadais, beartas eacnamaíoch a cheapadh agus a fhorbairt go gníomhach agus a bheith freagrach as buiséad an stáit a ullmhú agus a chaibidliú laistigh d'Oifigí an Rialtais.

Bhí an Státrúnaí Buiséid i measc an ghrúpa de cheannairí páirtithe (rialtas ilpháirtí) a bhí freagrach as bailchríoch a chur ar an mbuiséad. Áiríodh san obair freisin seasaimh a ghlacadh go leanúnach agus aon chinntí a raibh impleachtaí buiséadacha acu nó a bhféadfadh impleachtaí buiséadacha a bheith acu a ullmhú. Áiríodh leis an obair an buiséad a chur i láthair go hinmheánach agus go seachtrach araon, agus ionadaíocht a dhéanamh don Aireacht Airgeadais agus don rialtas i gcomhthéacsanna éagsúla.

Thairis sin, d'fhóin mé mar státrúnaí comhordúcháin san Aireacht Airgeadais. Is éard a bhí i gceist leis sin, i measc nithe eile, feidhmiú mar chathaoirleach ar choiste stiúrtha na hAireachta, a bheith freagrach as pleanáil oibríochtúil agus — trí na cinn roinne agus i gcomhar leo — an obair laistigh den Aireacht a stiúradh.

Ghníomhachtaigh an Státrúnaí Buiséid foireann géarchéime na hAireachta agus bhí sé i gceannas uirthi, agus ar an gcaoi sin bhí ról lárnach aige i mbainistiú géarchéimeanna éagsúla. Ní raibh an ról sin níos soiléire ná i gcomhthéacs ghéarchéim airgeadais 2008/2009 — géarchéim a bhí casta agus ilghnéitheach. Mar shampla, bhí gá le creat a cheapadh go tapa chun bainc a bhainistiú le linn géarchéime, lena n-áirítear tograí le haghaidh reachtaíocht nua maidir le bainistiú géarchéime san earnáil airgeadais. Is éard a bhí i gceist le bainistiú géarchéime freisin 'pacáistí géarchéime' éagsúla a fhorbairt le haghaidh na réigiún agus na n-earnálacha a bhí buailte go dona. Bhí tacaíocht do thíortha eile atá buailte agus an fhreagairt idirnáisiúnta ar an ngéarchéim ina ngnéithe tábhachtacha freisin.

I gcomhthéacs an Aontais, ghníomhaigh Státrúnaí an Bhuiséid mar 'aire buiséid' i gComhairle na nAirí i ndáil le buiséad bliantúil an Aontais (ECOFIN BUDGET). Mar chuid den obair sin bhí idirbheartaíocht ann ar bhuiséad bliantúil an Aontais laistigh de Chomhairle na nAirí agus i gcaibidlíocht idir-réitigh freisin le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoimisiún Eorpach (dá ngairtear 'cruinnithe tríthaobhacha'). Áiríodh mar chuid den obair freisin seasamh na Sualainne a dhréachtú agus a chomhdhlúthú, sainordú a fháil i bParlaimint na Sualainne agus cumarsáid a

dhéanamh go seachtrach maidir leis na saincheisteanna sin.

- ***Ceann roinne agus leas-ardstiúrthóir ag Sveriges Riksbank [Banc Ceannais na Sualainne] ar feadh sé bliana san iomlán.***

  I mo cháil mar Leas-Ardstiúrthóir ar an Roinn Beartais Airgeadaíochta, bhí mé freagrach as an obair réamhaisnéise a chomhordú agus as treoirlínte a bhunú do chinntí beartais airgeadaíochta agus do chumarsáid bhord bainistíochta Riksbank. Bhí baint ag an obair freisin le hionadaíocht a dhéanamh ar Riksbank i gcomhthéacsanna seachtracha éagsúla.

- ***Cathaoirleach nó príomhoifigeach feidhmiúcháin:***
  - *An Sainghrúpa um an Eacnamaíocht Phoiblí (ESO) (ocht mbliana). Is coiste faoin Aireacht Airgeadais é an ESO agus tá sé de chúram air anailís agus plé neamhspleách a dhéanamh ar shaincheisteanna tábhachtacha sochaíocha. Is é an bord a dhéanann é sin den chuid is mó agus é ag cinneadh táirgeadh tuarascálacha éagsúla a mhaoiniú, rud a fheidhmíonn go minic mar bhonn cáilithe do chinnteoirí.*
  - *An Bord Réitigh (sé bliana). Chuidigh mé leis an údarás nua seo a fhorbairt ón tús agus bhí mé freagrach as oibríochtaí a bhunú agus próisis agus nósanna imeachta a bhunú.*
  - *Ollscoil Thiar (bliain go leith).*

- ***Comhalta boird:***
  - *Oifig Saothair na Sualainne (ocht mbliana). Le linn mo thréimhse ann, rinneadh obair fhairsing d'fhonn comhlíonadh, soláthar cuí agus monatóireacht ar spriocanna agus ar fheidhmíocht infheidhme a áirithiú, etc. Le caitheamh ama, tá an fócas athraithe agus dírítear anois ar athruithe bunúsacha a dhéanamh ar struchtúr, ar chultúr inmheánach agus ar eagraíocht an údaráis. Bhí digitiú agus measúnú ar thionchar infheistíochtaí TF ina bpríomhghnéithe de na hiarrachtaí chun éifeachtúlacht a mhéadú. An príomh-rannchuidiú a rinne mise le linn na tréimhse ná an fócas a choinneáil ar chuspóirí, torthaí agus rialachas inmheánach agus rialú inmheánach a bhaint amach.*
  - *Oifig Náisiúnta Fiachais na Sualainne (naoi mbliana) (féach thuas).*
  - *Gníomhaireacht Roghnúcháin na Sualainne (ar siúl faoi láthair). Is gníomhaireacht nua í seo a bhfuil baint agam léi; Táim i gceannas ar an bpróiseas chun é an Ghníomhaireacht a fhorbairt. Is é an ról atá aici margadh a chruthú le cistí arna soláthar ar féidir le coigilteoirí pinsin Sualannacha rogha a dhéanamh eatarthu agus sciar dár soláthar éigeantach pinsin á n-infheistiú againn.*
  - *An Banc Infheistíochta Nordach (ar siúl).*

- ***Cathaoirleach an Choimisiúin Táirgiúlachta*** *(coimisiún fiosrúcháin oifigiúil) (ar siúl).*

- ***Rapóirtéir:*** *freagrach as coimisiún fiosrúcháin oifigiúil ar ról an stáit i maoiniú an aistrithe ghlais (ceithre mhí).*

  Bhí éifeachtúlacht, táirgiúlacht, pleanáil buiséid, cur chun feidhme agus monatóireacht ar bhuiséid agus ar oibríochtaí, agus cuntasacht i gceist leis na róil ghairmiúla éagsúla atá agam. Ina theannta sin, tá iarrachtaí móra déanta agam chun anailísí riosca a fhorbairt, obair na n-údarás a dhíriú ar thorthaí agus rialachas agus rialú a neartú, chomh maith le cultúr fónta bainistíochta a neartú agus a leabú. San obair sin go léir, leag mé béim ar róil thábhachtacha na n-iniúchóirí inmheánacha agus an chomhair chosanta le hiniúchóirí seachtracha, lena n-áirítear an Oifig Náisiúnta Iniúchóireachta. Mhúin mo thaithí dom — agus táim go daingean sa tuairim seo — go bhfuil gá le dlúthchomhar fónta idir an taobh oibríochtúil agus an fheidhm iniúchóireachta, agus go bhfuil sé riachtanach, agus go bhfuil sé teagascach agus tábhachtach. Is minic a thugann grinnscrúdú a dhéanann geallsealbhóirí gairmiúla inmheánacha agus seachtracha ar oibríochtaí léargas agus treoir maidir le conas is féidir obair agus modhanna, etc. a fheabhsú.

2 Cad iad na héachtaí is suntasaí atá bainte amach agat i do ghairm?

Freagra

(a) Bearta an bhunphrionsabail 'tús áite don obair' a fhorbairt agus a chur i gcrích idir 2006 agus 2012. Ag an am, bhí fadhbanna forleathana ag an tSualainn, agus ní raibh cuid mhór den daonra in aois oibre ag obair ar chúiseanna éagsúla. I mbeagán focal, ba é a bhí i gceist leis an bprionsabal 'tús áite don obair; sraith athchóirithe struchtúracha fadréimseacha a dhéanamh, ar laghduithe spriocdhírithe cánach ioncaim iad na príomhghnéithe díobh, do dhaoine a bhí ag obair agus scéimeanna árachais shóisialta éagsúla a dhéanamh níos doichte, lena n-áirítear árachas dífhostaíochta, do dhaoine nach raibh ag obair. Ba é an aidhm a bhí leis sin ná fostaíocht a spreagadh, agus d'éirigh go maith leis sin. De réir taighdeoirí neamhspleácha, chuidigh na cinntí a rinneadh chun an dífhostaíocht fhadtéarmach a laghdú 1.5-2 phointe céatadáin.

(b) Bainistiú géarchéime i ndáil le géarchéim airgeadais 2008/2009 agus le paindéim 2020/2021.

Le linn na géarchéime airgeadais, bhí mé i mo rúnaí stáit agus, faoi mo cheannaireacht, forbraíodh creat nua chun déileáil le bainc atá i ngéarchéim i bhfíor-am de réir mar a thagann an ghéarchéim chun cinn. Ba é príomhchuspóir an chreata agus ár ngníomhaíochtaí cobhsaíocht airgeadais agus airgeadas poiblí a chosaint agus cáiníocóirí a chosaint. Ina theannta sin, rinneadh athchóirithe struchtúracha chun eisiamh an tsaothair agus an chaipitil dhaonna a chosc. Mar thoradh air sin, rinneadh cobhsaíocht airgeadais a dhaingniú, d'fhan an t-airgeadas poiblí láidir, coinníodh an soláthar saothair agus níor ardaigh an dífhostaíocht ach go measartha.

Le linn na paindéime, bhí mé i gceannas ar an Oifig Náisiúnta Fiachais. Ba é an cúram a bhí orm a áirithiú go raibh an rialtas in ann a chuid íocaíochtaí a dhéanamh gan stró, an fiachas náisiúnta a bhainistiú agus ráthaíochtaí éagsúla a chur ar fáil do ghnólachtaí a bhí i ngéarchéim agus, in éineacht leis an Riksbank, cobhsaíocht airgeadais a áirithiú. Rinneamar an réamhobair freisin chun instealltaí caipitil suntasacha a dhéanamh isteach i ngnólachtaí a bhí i ngéarchéim, cé gur beart é sin nár ghá dúinn a dhéanamh. Chun géarchéimeanna a bhainistiú, bhí gá le bealaí nua oibre agus bhí cúraimí breise i gceist, ionaid oibre

chomhthreomhara a bhunú do roinnt príomhghrúpaí, agus é a chur ar chumas fhormhór mór na ndaoine a bheith ag obair ón mbaile. Ba phríomhghné den bhainistiú géarchéime í an tsolúbthacht, agus rialachas agus rialú á gcothabháil agus á gcoimirciú ag an am céanna. Leagadh an cúram orm freisin, mar an duine atá i gceannas, tacú le m'fhoireann agus iad a chur ar a suaimhneas ag an am a bhí suaite.

(c) Táirgiúlacht mhéadaithe agus feidhmíocht fheabhsaithe ag Oifig an Fhiachais Náisiúnta. Baineadh é sin amach trí iarracht spriocdhírithe chun anailís riosca atá oiriúnach don fheidhm a fhorbairt, agus rialachas agus rialú a fheabhsú agus a neartú, agus béim níos mó á leagan ar thorthaí, agus trí chultúr fónta bainistíochta a thabhairt isteach. Tharla coigilteas mór mar thoradh air sin, cé gur leathnaíodh a shainordú rialtais, cuireadh borradh faoin bhfeidhmíocht agus rinneadh rialachas agus rialú níos doichte.

(d) 12 chás de 'bhreabaireacht agus éilliú', ciapadh agus rialachas agus rialú inmheánach neartaithe a chomhrac. Bhí mórathrú cultúrtha i gceist leis sin san Oifig Náisiúnta Fiachais. Bhí an Oifig Náisiúnta Fiachais ag díriú ar dtús ar bhreabaireacht amhrasta i dtaca le roinnt cúrsaí a cuireadh ar fáil go seachtrach. Chinn mé 12 bhall foirne a chúiseamh agus na himeachtaí a phoibliú. Ní raibh foireann na hOifige Náisiúnta Fiachais ina haonar agus iad ag gníomhú go míchuí, agus bhí iarmhairtí ag láimhseáil thrédhearcach na hOifige ar an ábhar ar fud earnáil phoiblí na Sualainne.

(e) San obair dá dtagraítear thuas baineadh amach ord agus soiléireacht, sásamh agus iontaoibh poist, agus is féidir achoimre a dhéanamh uirthi ar bhealaí éagsúla - bealach amháin ná an léiriú ón suirbhé foirne deireanach ag Oifig an Fhiachais Náisiúnta a raibh mise bainteach leis agus a tharla le linn mo thréimse ann. Thug an bord bainistíochta toradh 'gan fasach' air.

3. Cén taithí oibre atá agat ar eagraíochtaí idirnáisiúnta ilchultúrtha agus ilteangacha nó ar institiúidí idirnáisiúnta atá lonnaithe lasmuigh de do thír dhúchais?

Freagra

(a) Bhí mé i mo chomhalta de Chomhairle Airí BUDGET ECOFIN ar feadh beagán os cionn sé bliana, lena n-áirítear sé mhí mar Uachtarán (in 2009). Áiríodh san obair sin caibidlíocht i gcruinnithe tríthaobhacha le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoimisiún, agus tograí na Comhairle a chur i láthair agus a chosaint i bParlaimint na hEorpa;

(b) Bhí mé i mo chomhalta de choiste réitigh ÚBE agus FSB ar feadh naoi mbliana. Áirítear ar shainchúram na gcoistí sin tograí a chur ar aghaidh agus a chaibidliú, chomh maith le gníomhú maidir le rialacháin agus ceanglais éagsúla d'institiúidí airgeadais agus bearta leantacha a dhéanamh ina leith;

(c) Bhí mé i mo chomhalta de Bhord Stiúrthóirí an Bhainc Infheistíochta Nordaigh le dhá bhliain anuas. Is é príomhchúram an bhoird rialachas agus rialú fónta a áirithiú, dul i bhfiontar a rialú agus a mheasúnú agus cinneadh a dhéanamh maidir le hinfheistíochtaí i dtionscadail chuí.

4. Ar deonaíodh urscaoileadh duit ó na dualgais bhainistíochta a rinne tú roimhe seo, má tá feidhm ag nós imeachta den sórt sin?

Freagra I gcónaí

5. Cé acu de na poist ghairmiúla a bhí agat roimhe seo a bhí agat mar thoradh ar ainmniúchán polaitiúil?

Freagra

(a) Leas-Cheann oifigí parlaiminte an Pháirtí Mheasarthaigh trí bliana (2003-2006).

(b) An Státrúnaí don Aire Airgeadais; díreach breis agus sé bliana (2006-2013).

6. Cad iad na trí chinneadh is tábhachtaí a raibh baint agat leo i do shaol gairmiúil?

Freagra

(a) Bearta a dhéanamh maidir leis an mbunphrionsabal 'tús oibre don obair' atá leagtha amach sa fhreagra ar cheist 2 thuas.

(b) Beartais eacnamaíocha iomchuí a cheapadh agus cinneadh a dhéanamh ina leith agus creataí bainistithe géarchéime a fhorbairt (féach thuas), le linn ghéarchéim airgeadais 2008/2009 agus le linn phaindéim 2020/2021 araon. Ina theannta sin, cinntí maidir le láimhseáil géarchéime ó dhearcadh praiticiúil.

(c) Cúisimh phráinneacha i gcásanna amhrasta de 'bhreabaireacht agus éilliú' san Oifig Náisiúnta Fiachais. Féach freisin an freagra ar cheist 2. D'eascair athrú mór cultúir as an méid sin faoi mo cheannaireacht. (Féach thuas.). Ina dhiaidh sin, bhí sé de cheangal ar a lán údarás déanamh amhlaidh, agus ar deireadh mar thoradh air, cúisíodh a lán státseirbhíseach i gcionta a bhain le breabaireacht. Ina theannta sin, an rialachas a neartú, an rialú agus fócas ar thorthaí san Oifig Saothair agus san Oifig Náisiúnta Fiachais.

Neamhspleáchas

7. Sonraítear sa Chonradh nach mór do Chomhaltaí na Cúirte Iniúchóirí a bheith 'go hiomlán neamhspleách' i gcomhlíonadh a ndualgas. Conas a dhéanfá beart de réir na hoibleagáide sin agus do dhualgais ionchasacha á gcomhlíonadh agat?

Freagra Is iad an neamhspleáchas, an t-ionracas, an oibiachtúlacht, an trédhearcacht agus an ghairmiúlacht na bunphrionsabail is bonn le creidiúnacht na Cúirte. Má cheaptar mé, comhlíonfaidh mé na rialacha agus na prionsabail a leagtar síos leis an dlí agus le treoirlínte na Cúirte, etc. éireoidh mé as róil eile, cleachtfaidh mé neamhfhulaingt i gcaidreamh le páirtithe seachtracha maidir le tionchar, bronntanais, siamsaíocht, etc. agus déanfaidh mé é sin go hionraic. Is leis na bunphrionsabail a chinnfear mo chur chuige i leith an róil. Ní lorgóidh mé ná ní ghlacfaidh mé treoracha ó dhuine ar bith. Ní bheidh aon fhadhb ar bith agam fanacht go hiomlán neodrach, is cuma cé nó cad atá á ghrinnscrúdú. I m'iompar pearsanta, déanfaidh mé iarracht dea-shampla a thabhairt. I mo shaol gairmiúil, is é an cliant deiridh i gcónaí an saoránach. Beidh m'aird dírithe anois ar leas shaoránaigh an Aontais.

8. An bhfuil aon sealúchais ghnó nó airgeadais nó aon ghealltanais eile agatsa nó ag do gharghaolta (tuismitheoirí, deartháireacha agus deirfiúracha, páirtí dlíthiúil agus leanaí) a d'fhéadfadh a bheith i gcoinbhleacht le do dhualgais ionchasacha?

Freagra NÍL

9. An bhfuil tú sásta do leasanna airgeadais agus gealltanais eile go léir a nochtadh d'Uachtarán na Cúirte agus iad a chur ar fáil don phobal?

Freagra TÁ

10. An bhfuil tú rannpháirteach in aon imeachtaí dlíthiúla reatha? Má tá, tabhair sonraí dúinn.

Freagra NÍL

11. An bhfuil aon ról gníomhach nó feidhmiúcháin agat sa pholaitíocht, má tá, ar cén leibhéal? An raibh aon ról polaitiúil agat le linn na 18 mí seo caite? Má tá, tabhair sonraí dúinn.

Freagra NÍL

12. An éireoidh tú as aon oifig thofa nó an dtabharfaidh tú suas aon fheidhm ghníomhach lena ngabhann freagrachtaí i bpáirtí polaitiúil má cheaptar i do Chomhalta den Chúirt thú?

Freagra ÉIREOIDH

13. Conas a láimhseálfá mór-neamhrialtacht nó fiú cás calaoise agus/nó éillithe a bhaineann le daoine i do Bhallstát tionscnaimh?

Freagra Tuairisc a thabhairt agus caingean dlí a thionscnamh ar an mbealach forordaithe agus seanbhunaithe, gan beann ar an áit a dtarlaíonn sé nó cé a bhaineann leis. Tá taithí ábhartha agam; Féach ceist 2 thuas.

Comhlíonadh na gcúraimí

14. Cad iad na príomhghnéithe ba cheart a bheith ag cultúr fónta bainistíochta airgeadais in aon seirbhís phoiblí? Conas a d'fhéadfadh CIE cabhrú lena fhorfheidhmiú?

Maidir le cur chuige bunúsach foriomlán i leith na bhfreagraí ar na ceisteanna seo a leanas, bheadh sé dána uaim trácht a dhéanamh ar bhealaí éagsúla oibre, agus ar oibriú le chéile, gan taithí phearsanta a bheith agam orthu. Is é mo thuairim, go ginearálta, gur mhaith liom ar dtús teacht ar mo thuairim féin ar shaincheisteanna sula mbainfidh mé tátail astu. Ní chiallaíonn sé sin go bhfuilim saonta nó neamhullmhaithe, áfach; go deimhin, is minic a bhailím eolas roimh ré.

Freagra Saintréith de chultúr bainistíochta fónta is ea inniúlacht, ordúlacht, éifeachtúlacht, oscailteacht, trédhearcacht agus cumarsáid. Tá anailís agus measúnú riosca atá críochnúil agus struchtúrtha, obair leantach, timpeallacht rialaithe ina bhfuil córais rialaithe inmheánacha agus sheachtracha, rialuithe agus faireachán, agus cuntasacht mar shaintréith den chultúr sin freisin. Leis sin, glactar leis inter alia, go bhfuil dea-cheannaireacht agus cur chuige gairmiúil neamhspleách ann. I gcultúr bainistíochta trédhearcach agus fónta, tá sé nádúrtha díriú i gcónaí ar leasanna is fearr an tsaoránaigh. Is cultúr é a bhfuil, inter alia, dlíthiúlacht, oibiachtúlacht, gairmiúlacht, stuamacht a mhéid a bhaineann le hairgead daoine eile, agus cur chuige cúramach maidir le cistí a bhainistiú mar shaintréithe de. Ciallaíonn sé sin, i measc nithe eile, éifeachtúlacht agus éifeachtacht a choimirciú.

15. Faoin gConradh, ceanglaítear ar an gCúirt cabhrú leis an bParlaimint a cumhachtaí rialaithe a fheidhmiú ar chur chun feidhme an bhuiséid. Cén chaoi a gcuirfeá tuilleadh feabhais ar an gcomhar idir an Chúirt agus Parlaimint na hEorpa (go háirithe, a Coiste um Rialú Buiséadach) chun feabhas a chur ar an maoirseacht phoiblí ar an gcaiteachas ginearálta agus ar a luach ar airgead araon?

Freagra

Féachfaidh mé le comhar a fheidhmíonn go han-mhaith a bhaint amach bunaithe, inter alia, ar ardleibhéal trédhearcachta, gairmiúlachta, ardleibhéal muiníne agus iontaoibhe frithpháirtí, agus meas agus tuiscint fhrithpháirteach ar na róil éagsúla atá

againn. Ar ndóigh, rud amháin a bhfuiltear ag súil leis is ea go mbíonn tionchar ag na tuarascálacha a tháirgtear agus ag an obair a dhéantar, rud a bhraitheann, dá réir sin, ar an gcaoi a ndéanann an Pharlaimint obair leantach ar na tuarascálacha agus ar na moltaí. Dá réir sin, tá sé mar aidhm agam leibhéal ard ábharthachta agus cáilíochta a áirithiú i dtuarascálacha na Cúirte chun obair iardain na Parlaiminte agus an Choimisiúin a éascú. (Féach thíos freisin.)

16. Cén breisluach a mheasann tú a bhaineann le hiniúchóireacht feidhmíochta agus cén chaoi ar cheart na torthaí a ionchorprú i nósanna imeachta bainistíochta?

Freagra Tá iniúchadh feidhmíochta a dhéantar i gceart tábhachtach chun a áirithiú gur baineadh úsáid éifeachtach as cistí agus, ar deireadh, chun muinín na saoránach a chinntiú. I mo thaithí féin, ina theannta sin, is féidir le hiniúchaí go leor a fhoghlaim ó iniúchadh feidhmíochta a rinneadh i gceart. Go minic, bhí torthaí iniúchóireachta feidhmíochta oiliúnach dom i mo cháil mar cheannaire údaráis nó mar chomhalta boird laistigh d'údaráis agus de ghnólachtaí. Bhí mé in ann an taithí agus an t-eolas sin a chur i bhfeidhm ansin i rialachas na n-údarás, inter alia, d'fhonn feabhsuithe a dhéanamh.

17. Conas a d'fhéadfaí feabhas a chur ar an gcomhar idir an Chúirt Iniúchóirí, na hinstitiúidí náisiúnta iniúchta agus Parlaimint na hEorpa (an Coiste um Rialú Buiséadach) chun buiséad an Aontais a iniúchadh?

Freagra I gcomhréir le mo chur chuige bunúsach foriomlán mar a leagtar amach thuas, creidim go bhfuil malartú faisnéise dea-fheidhmiúil, struchtúrtha agus trédhearcach, tuiscint mhaith ar riachtanais agus socruithe comhoibríocha gach taobh ríthábhachtach. Is comhpháirtíocht é! Ba mhaith liom é sin a chosaint.

18. Conas a dhéanfá tuilleadh forbartha ar thuairisciú CIE chun an fhaisnéis uile is gá a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa maidir le cruinneas na sonraí a chuireann na Ballstáit ar fáil don Choimisiún Eorpach?

Freagra Go ginearálta, ní mór an tuairisciú a bheith bunaithe ar fhorbairt leanúnach agus ar idirphlé leanúnach, leis an gCúirt lena áirithiú go bhfaighidh Parlaimint na hEorpa (agus an Chomhairle) faisnéis ábhartha atá bunaithe ar oibríochtaí agus oiliúnach. Gné lárnach de sin is ea feabhas leanúnach a chur ar a úsáidí atá barúlacha agus moltaí na Cúirte, i.e. a áirithiú gur féidir gníomhú ina leith agus obair leantach a dhéanamh orthu. Is é sin freisin ar mhaithe leis an gcliant deiridh, an pobal.

Ceisteanna eile

19. An ndéanfaidh tú d'iarrthóireacht a tharraingt siar má bhíonn tuairim neamhfhabhrach ag an bParlaimint ar do cheapachán mar Chomhalta den Chúirt?

Freagra DÉANFAIDH. Tá muinín, meas agus muinín na Parlaiminte bunriachtanach domsa. Ós rud é go bhfuil comhar fónta idir an Chúirt agus an Pharlaimint a oibríonn go maith agus atá bunaithe ar mhuinín ríthábhachtach, táim den tuairim go mbeadh sé deacair dom mo chúraimí a chomhlíonadh i gceart mura mbeadh muinín agus tacaíocht ag m'iarrthóireacht. I gcúinsí den sórt sin, dá réir sin, tharraingeoinn siar m'iarrthóireacht.